D’Uimhir PSP (UPSP)

# Tuairisceán Ioncaim 2022 (Med 1 san áireamh) - Foirm 12S

Tá an fhoirm seo dírithe ar chustaiméirí a bhfuil gnáthchúrsaí cánach acu agus nach bhfuil in ann ár seirbhísí ar líne a úsáid. Sonraigh sa bhosca in aice láimhe an chúis nach bhfuil tú in ann úsáid a bhaint as ár seirbhísí ar líne.

**Tabhair do d’aire:** I gcásanna faoi mheasúnú comhpháirteach, ní mór an fhoirm seo a bheith comhlánaithe ag an gcéile nó páirtnéir sibhialta inmheasúnaithe. Tá sé nó sí freagrach as tuairisceáin chánach a thíolacadh agus aon cháin dhlite a íoc. Murach thusa an céile inmheasúnaithe, measfar, tríd an bhfoirm seo a chomhlánú, gur thusa an céile inmheasúnaithe don bhliain chánach seo amháin.

Ba chóir duit an fhoirm seo a chur ar ais chuig d’oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadtar seoladh d’oifige de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil ar gach comhfhreagras a fhaigheann tú ó na Coimisinéirí Ioncaim. Féadtar aon chlúdach litreach a úsáid agus scríobh ‘SAORPHOST’ os cionn an tseolta. Ní theastaíonn stampa.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarraimid ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a roinnt le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcás ina n-éilítear sin sa dlí. Tá sonraí iomlána faoinár mbeartas um chosaint sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie/príobháideachas**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i bhfoirm páipéir chomh maith, ach é sin a iarraidh.

D’UPSP

## Sonraí Pearsanta

Ainm

Seoladh

Eircode –

Dáta Breithe L L M M B B B B

Dáta Breithe do chéile nó do pháirtnéara shibhialta L L M M B B B B

Má d’athraigh do stádas pósta nó sibhialta in 2022 cuir isteach an dáta a d’athraigh sé L L M M B B B B

Tabhair cúis i leith an athraithe sa bhosca thíos agus cuir san áireamh ann ainm an chéile / an pháirtnéara shibhialta, an dáta breithe agus an UPSP.

Líon na Leanaí Cleithiúnacha, más ann dóibh

D'UPSP

## Sonraí Fostaíochta / Pinsin

Má tá níos mó ná 2 fhoinse ioncaim ÍMAT agat nó ag do chéile nó páirtnéir sibhialta, cuir na sonraí breise ar fáil ar leathanach 12.

### Sonraí – Mé féin

Ainm an Fhostóra / na Cuideachta Pinsin (1)

Tá na sonraí seo a leanas ar fáil ar do dhuillín pá deiridh do 2022.

Pá le haghaidh Cáin Ioncaim

Cáin Ioncaim íoctha

Pá le haghaidh MSU

MSU íoctha

Ainm an Fhostóra / na Cuideachta Pinsin (2)

Tá na sonraí seo a leanas ar fáil ar do dhuillín pá deiridh do 2022.

Pá le haghaidh Cáin Ioncaim

Cáin Ioncaim íoctha

Pá le haghaidh MSU

MSU íoctha

D'UPSP

## Sonraí Fostaíochta / Pinsin ar lean

### Sonraí – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

Ainm an Fhostóra / na Cuideachta Pinsin (1)

Tá na sonraí seo a leanas ar fáil ar do dhuillín pá deiridh do 2022.

Pá le haghaidh Cáin Ioncaim .

Cáin Ioncaim íoctha .

Pá le haghaidh MSU .

MSU íoctha .

Ainm an Fhostóra / na Cuideachta Pinsin (2)

Tá na sonraí seo a leanas ar fáil ar do dhuillín pá deiridh do 2022.

Pá le haghaidh Cáin Ioncaim .

Cáin Ioncaim íoctha .

Pá le haghaidh MSU .

MSU íoctha .

D'UPSP

## Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Má tá níos mó ná 2 chineál íocaíochta agat nó ag do chéile nó páirtnéir sibhialta ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), cuir na sonraí breise ar fáil ar leathanach 12.

Folaíonn íocaíochtaí ón RCS na híocaíochtaí seo a leanas -

- Pinsean Stáit (ranníocach)
- Pinsean Stáit (neamhranníocach)
- Pinsean marthanóirí
- Pinsean dall
- Pinsean easláine
- Sochar breoiteachta
- Liúntas cúramóra
- Sochar díobhála ceirde
- Sochar cuardaitheora poist
- Íocaíocht Dífhostaíochta um Paindéim (IDP)

### Sonraí – Mé féin

Cineál Íocaíochta 1

Méid iomlán na híocaíochta a fuarthas in 2022 .00

Cineál Íocaíochta 2

Méid iomlán na híocaíochta a fuarthas in 2022 .00

### Sonraí – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

Cineál Íocaíochta 1

Méid iomlán na híocaíochta a fuarthas in 2022 .00

Cineál Íocaíochta 2

Méid iomlán na híocaíochta a fuarthas in 2022 .00

D'UPSP

## Ioncam Eile nach bhfuil faoi réir ÍMAT

### Sonraí – Mé féin

Ioncam nár gearradh cáin air sa Stát (**folaíonn** sé seo ioncam ó dhíbhinní comhar creidmheasa Éireannach agus ó stoic rialtais Éireannacha ach **ní fholaíonn** sé ioncam ó chíos) .00

**Ús Taisce Éireannach / Díbhinní ó Chomhair Creidmheasa**

Ús Taisce Comhlán / Díbhinní ó Chomhar Creidmheasa faighte – sa chás gur asbhaineadh Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) .00

Ús Taisce Comhlán / Díbhinní ó Chomhar Creidmheasa faighte – sa chás **nár** asbhaineadh Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) .00

### Sonraí – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

Ioncam nár gearradh cáin air sa Stát (**folaíonn** sé seo ioncam ó dhíbhinní comhar creidmheasa Éireannach agus ó stoic rialtais Éireannacha ach **ní fholaíonn** sé ioncam ó chíos) .00

**Ús Taisce Éireannach / Díbhinní ó Chomhair Creidmheasa**

Ús Taisce Comhlán / Díbhinní ó Chomhar Creidmheasa faighte – sa chás gur asbhaineadh Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) .00

Ús Taisce Comhlán / Díbhinní ó Chomhar Creidmheasa faighte – sa chás **nár** asbhaineadh Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) .00

D'UPSP

## Pinsin Eachtracha / Ioncam Eachtrach

Má tá níos mó ná pinsean nó ioncam eachtrach amháin agat nó ag do chéile nó páirtnéir sibhialta, cuir na sonraí breise ar fáil ar leathanach 12. Luaigh gach méid in Euro.

### Sonraí – Mé féin

An tír ónar íocadh é

Méid comhlán (€) an Phinsin / na bPinsean Leasa Stáit .00

Méid comhlán (€) gach Pinsean Eile Eachtrach (pinsean ceirde, mar shampla) .00

Ollmhéid (€) an Ioncaim Eachtraigh eile .00

### Sonraí – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

An tír ónar íocadh é

Méid comhlán (€) an Phinsin / na bPinsean Leasa Stáit .00

Méid comhlán (€) gach Pinsean Eile Eachtrach (pinsean ceirde, mar shampla) .00

Ollmhéid (€) an Ioncaim Eachtraigh eile .00

D'UPSP

## Faoiseamh Costas Sláinte

Más mian leat nó le do chéile nó páirtnéir sibhialta éileamh a dhéanamh i leith duine aonair atá á chothabháil agat i dteach altranais ceadaithe, cuir na sonraí seo a leanas ar fáil:

UPSP an Duine Aonair

Dáta Breithe an Duine Aonair L L M M B B B B

An méid a íocadh i leith cothabhála nó cóireála i dteach altranais 'ceadaithe' .00 (1)

Ainm & Seoladh an Tí Altranais

Más le daoine eile seachas leat féin nó le do chéile nó páirtnéir sibhialta a bhaineann na costais atá luaite thíos, cuir na sonraí ar fáil thíos. (Féadtar sonraí breise a chur ar fáil ar leathanach 12.)

Ainm 1

UPSP

Ainm 2

UPSP

Méid a íocadh i leith cóir fiaclóireachta neamhghnáthaimh .00 (2)

Méid na gCostas Eile Cáilitheach .00 (3)

**Iomlán na gCostas Sláinte (1 + 2 + 3)** .00

**Asbhaintí** (féach an rannán 'Asbhaintí' ar leathanach 15) - mura raibh asbhaintí ann, scríobh 'TADA'

(i) ó aon údarás poiblí nó áitiúil, mar shampla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte .00

(ii) faoi aon pholasaí árachais, mar shampla, VHI, Laya Healthcare, Irish Life Health, agus araile. .00

(iii) asbhaintí eile, mar shampla, éileamh cúitimh .00

**Iomlán na nAsbhaintí** .00

**An méid a n-éilítear faoiseamh cánach ina leith (Iomlán na gCostas Sláinte lúide Iomlán na nAsbhaintí)** .00

D'UPSP ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

## Creidmheasanna, Liúntais agus Faoisimh Chánach

Tabhair do d'aire, sa chás go bhfuil siad dlite duit nó do do chéile nó páirtnéir sibhialta, deonófar go huathoibríoch creidmheasanna cánach amhail an dreasacht athchóirithe tí (DAT), an creidmheas cánach pearsanta, an creidmheas cánach aoise agus an creidmheas cánach fostaí.

**Creidmheas Cánach Cúramóra Baile**

Chun an Creidmheas Cánach Cúramóra Baile a éileamh, ní mór duit a bheith ag tabhairt cúram do dhuine cleithiúnach. Ní mór duit, chomh maith, a bheith pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus a bheith faoi mheasúnú comhpháirteach le haghaidh Cáin Ioncaim.

Maidir leis an duine cleithiúnach atá tú ag tabhairt cúraim dóibh, ní mór gur duine díobh seo iad:

- leanbh a bhfaigheann tú an íocaíocht sochair linbh ina leith ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)
- duine atá 65 bliain nó níos sine
- duine atá faoi éagumas buan mar gheall ar mhíchumas fisiciúil nó meabhrach.

**Creidmheas Cánach na nDall**

Má tá tú dall nó má tá lagú radhairc ort le linn na bliana cánach, féadann tú Creidmheas Cánach na nDall a éileamh.

Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus má tá sibh beirt dall, féadann sibh beirt Creidmheas Cánach na nDall a éileamh.

**Liúntas i leith Madra Treorach**

Má tá tú dall nó má tá lagú radhairc ort, féadann tú creidmheas cánach a éileamh má tá madra treorach traenáilte agat.

**Madraí Cabhrach le haghaidh Daoine Fásta agus Leanaí**

Féadtar creidmheas cánach a éileamh má theastaíonn madra cabhrach traenáilte uait.

### Sonraí - Mé Féin

| | | | |
|---|---|---|---|
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | ☐ | Liúntas i leith Madra Treorach | ☐ |
| Creidmheas Cánach na nDall | ☐ | Liúntas i leith Madra Cabhrach | ☐ |

Tá costais bhunráta ar fáil le haghaidh réimse leathan ceirdeanna agus gairmeacha. Má cheapann tú go bhfuil tú i dteideal iad a fháil, sonraigh an cineál gnó nó gairme atá agat sa bhosca thíos.

☐

### Sonraí – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | ☐ | Liúntas i leith Madra Treorach | ☐ |
| Creidmheas Cánach na nDall | ☐ | Liúntas i leith Madra Cabhrach | ☐ |

Tá costais bhunráta ar fáil le haghaidh réimse leathan ceirdeanna agus gairmeacha. Má cheapann tú go bhfuil do chéile nó páirtnéir sibhialta i dteideal iad a fháil, sonraigh an cineál gnó nó gairme atá aige nó aici sa bhosca thíos.

☐

D'UPSP ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Creidmheas Cánach Cíosa**

Tabhair do d'aire: Níl creidmheas cánach cíosa dlite má tá tú ag fáil tacaíocht tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ICT) / Scéim Chóiríochta ar Cíos (SCC) nó aon Scéimeanna Tacaíochta Tithíochta Stáit eile maidir leis an tionóntacht nó sa chás go bhfuil do thiarna talún ina Aire Rialtais nó ina Choimisinéir Oibreacha Poiblí ar leis an mhaoin i gcáil oifigiúil, nó i gcás gur Údarás Tithíochta nó Comhlachas Tithíochta do thiarna talún. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach **www.revenue.ie**.

| | **Tú Féin** | **Do Chéile nó Pháirtnéir Sibhialta** |
|---|---|---|
| Dearbhaím, maidir leis an tionóntacht / na tionóntachtaí seo, nach bhfuil aon íocaíocht tacaíochta cíosa á fháil agam ó scéim / comhlacht nó gníomhaireacht rialtais (mar shampla ICT / SCC). Cuir ☒ sa bhosca / sna boscaí | ☐ | ☐ |
| Dearbhaím nach Aire Rialtais ná Coimisinéir Oibreacha Poiblí é an tiarna talún ar leis an mhaoin i gcáil oifigiúil, agus nach Údarás Tithíochta, nó Comhlachas Tithíochta é. Cuir ☒ sa bhosca / sna boscaí | ☐ | ☐ |
| Dearbhaím gur íoc mé cíos faoi thionóntacht(aí) sa bhliain chánach 2022. Cuir ☒ sa bhosca / sna boscaí | ☐ | ☐ |

**Roghnaigh (a) agus / nó (b) de réir mar is cuí chun iarratas a dhéanamh don chreidmheas seo. Mura mbaineann ceachtar de na roghanna thíos leat, níl tú incháilithe an Creidmheas Cánach Cíosa a éileamh. Cuir ☒ sa bhosca / sna boscaí**

(a) Dearbhaím gurb í an mhaoin ar cíos príomháit chónaithe phríobháideach mo chéile / mo pháirtnéara shibhialta (PÁCP) sa bhliain 2022 nó nach í an mhaoin ar cíos mo PÁCP ach úsáidim í le haghaidh oibre nó staidéir, agus

- níl gaol agam le mo thiarna talún mar thuismitheoir / leanbh nó leanbh / tuismitheoir, nó
- tá gaol le mo thiarna talún seachas mar thuismitheoir / leanbh nó leanbh / tuismitheoir, (mar shampla, siblíní, seantuismitheoir / garleanbh, aintín / uncail, neacht / nia, srl) agus tá an mhaoin cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) agus ní comhaontú ceadúnais í, amhail an scéim i leith Seomra ar Cíos ☐ ☐

(b) Dearbhaím go n-úsáideann mo leanbh an mhaoin ar cíos chun críocha oibre nó staidéir sa bhliain 2022 agus go raibh sé nó sí faoi bhun 23 mbliana d'aois sular thosaigh sé nó sí ar oideachas tríú leibhéal; níl gaol leis an tiarna talún agus tá an mhaoin cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) agus ní scéim Seomra ar Cíos atá ann ☐ ☐

| | **Sa chás go bhfuil an mhaoin ar cíos duit féin nó do Chéile nó do Pháirtnéir Sibhialta** | **Sa chás go bhfuil an mhaoin ar cíos do leanbh in oideachas tríú leibhéal** |
|---|---|---|
| Uimhir Chlárúcháin leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) (más eol duit) | | |
| Seoladh na maoine ar cíos (cuir an Eircode san áireamh) (ní mór don mhaoin seo a bheith suite laistigh den Stát) | | |
| Ainm an tionónta | | |
| Uimhir PSP an tionónta | ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ | ☐☐☐☐☐☐☐☐☐ |
| Dáta tosaigh na tionóntachta | L L M M B B B B | L L M M B B B B |
| Má tháinig deireadh leis an tionóntacht in 2022, tabhair an dáta deiridh | L L M M B B B B | L L M M B B B B |

**D'UPSP** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) Aitheantas Maoine (más eol duit)

Suim chomhlán cíosa íoctha in 2022 .00 .00

Seoladh an Tiarna Talún / Ghníomhaireacht, más eol duit (cuir an Eircode san áireamh)

Cuir ☒ sa bhosca ma tá do thiarna talún neamhchónaitheach

Má íocadh an cíos le gníomhaire, tabhair ainm agus seoladh an tiarna talún (más eol duit)

Uimhir PSP an tiarna talún (más eol duit)

## Dearbhú

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Más mise an céile neamh-inmheasúnaithe, roghnaím leis seo a bheith mar an gcéile inmheasúnaithe don bhliain chánach 2022.

Aon duine a thugann ráiteas bréagach go feasach agus an tuairisceán seo á chomhlánú acu, beidh siad faoi dhliteanas pionóis dhiana. (Féach leathanach 16)

Síniú

Dáta L L M M B B B B

Caidreamh leis an Sínitheoir (Mura bhfuil sí sínithe ag cáiníocóir, mar shampla, Gníomhaire, Ionadaí Pearsanta)

I gcás fiosrú faoin Tuairisceán seo, cuir na sonraí seo a leanas ar fáil:

Ainm Teagmhála

Teileafón Teagmhála

D'UPSP

## Aisíocaíochtaí

Tá sé níos tapúla íocaíochtaí a fháil go leictreonach seachas le seic. Más mian leat go n-íocfar aon aisíocaíochtaí go díreach isteach i do chuntas bainc, sonraigh sonraí do chuntais bhainc. Déanfar aon aisíocaíochtaí eile ina dhiaidh seo ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcuntas bainc seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

### Sonraí Bainc – Mé Féin

UICB (Uasmhéid 34 carachtar)

### Sonraí Bainc – Céile nó Páirtnéir Sibhialta

Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta agus má roghnaigh tú a bheith faoi Mheasúnú Comhpháirteach in 2022, cuir sonraí cuntais bainc do chéile nó páirtnéara shibhialta ar fáil.

UICB (Uasmhéid 34 carachtar)

## Eolas Breise

Bain úsáid as an leathanach seo chun eolas breise a sholáthar i leith aon chuid den fhoirm má theastaíonn sé.

# Nótaí maidir leis an bhFoirm 12S a chomhlánú

## Céard é an Fhoirm 12S?

Is tuairisceán simplithe é an Fhoirm 12S le haghaidh cineálacha áirithe cáiníocóirí ÍMAT. Má tá tú atá ag éileamh creidmheasanna eile cánach nó má foinsí eile ioncaim nach bhfuil san áireamh ar an bhfoirm seo agat; mar shampla, creidmheas cianoibre nó ioncam ó chíos, ba chóir duit an tuairisceán cánach (Foirm 12) a chomhlánú. Ní mór duit an t-ioncam incháinithe uile a fuair tú in 2022 a dhearbhú.

## An Fhoirm 12S a Chomhlánú

Agus an fhoirm seo á comhlánú, bain úsáid as BLOCLITREACHA agus peann gorm nuair is féidir. Ná cuir ach figiúirí EURO (€) isteach.

## Inrochtaineacht

Más **duine thú atá faoi mhíchumas** agus má tá aon deacrachtaí agat an fhoirm seo a chomhlánú, féadtar teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana sna Coimisinéirí Ioncaim ag **PerAccessOfficer@revenue.ie** nó trí ghlaoch ar (01) 424 4229 nó (047) 62145.

## Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Faoin Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú, 2005, foráiltear go n-íocfaí méadú i méid an phinsin Stáit sa chás go bhfuil duine fásta cleithiúnach ag an bhfaighteoir. Chun críocha cánach, ba chóir d’fhaighteoir an phinsin Stáit méid iomlán an phinsin agus an íocaíocht mhéadaithe i leith duine fásta cleithiúnach a lua sa réimse chuí ar an tuairisceán. Beidh an creidmheas cánach fostaí dlite d’fhaighteoir an phinsin Stáit. Níl a gcéile nó páirtnéir sibhialta i dteideal an creidmheas cánach fostaí a fháil i dtaca leis an íocaíocht do dhuine fásta cleithiúnach.

# Nótaí maidir leis an bhFoirm 12S a chomhlánú

## Costais Sláinte Cáilitheacha

Tá costais cháilitheacha ar fáil do na ceannteidil seo a leanas, ach gan a bheith teoranta do na ceannteidil sin -

- Seirbhísí dochtúra nó comhairleora
- Costas iomlán na ndrugaí nó na gcógas ordaithe don bhliain (nuair a sholáthraítear iad ar ordú cleachtóra cháilithigh)
- Measúnú Síceolaíochta Oideachais do leanbh cleithiúnach
- Teiripe Chainte agus Urlabhra do leanbh cleithiúnach
- Cóireáil ortoptach nó cóireáil den chineál céanna (ar atreorú ó **dhochtúir** nó ó **chleachtóir cáilitheach** eile)
- Bearta fáthmheasa (X-ghá, agus araile)
- Cóireáil fisiteiripe nó cóireáil den chineál céanna (ar atreorú ó **dhochtúir** nó ó **chleachtóir cáilitheach** eile)
- Cothabháil nó cóireáil in ospidéal
- Costais tabhaithe i leith aon fhearas sláinte, máinliachta nó altranais
- Cóireáil Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh.

## Tithe Altranais

Ní mór an cúram cáilithe altranais a bheith á sholáthar ar an láthair ar bhonn 24 uair sa lá.

## Táirgí intomhailte

Féadtar faoiseamh a éileamh i leith na gcostas a thabhaítear ar tháirgí a dhéantar go sonrach le haghaidh céiliaigh agus diaibéitigh nuair a thabhaítear an costas seo ar chomhairle cleachtóra leighis cháilithigh.

## Costais Fiaclóireachta Neamhghnáthaimh

I gcásanna ina bhfuil éileamh á dhéanamh i leith costais fiaclóireachta neamhghnáthaimh, ní mór Foirm Med 2 (Fiaclóireacht) a bheith chomhlánaithe, sínithe agus deimhnithe ag an gcleachtóir fiaclóireachta. Tá liosta iomlán de na córacha cáilitheacha ar an taobh lastall den Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) atá ar fáil ó do chleachtóir fiaclóireachta. Ní chaithfear an Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) a thíolacadh leis an Tuairisceán seo. Ní mór duit an Fhoirm Med 2 (Fiaclóireacht) a choinneáil ar feadh sé bliana toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfar ort é a sheoladh isteach má roghnaítear d’éileamh chun scrúdú sonraithe a dhéanamh air.

## Nótaí maidir leis an bhFoirm 12S a chomhlánú

### Costais Sláinte nach gcáilíonn

- Costas tástála radhairc, agus spéaclaí agus lionsaí tadhaill a sholáthar agus a chothabháil.
- Cóir fiaclóireachta ghnáthaimh, arna shainiú mar "stoitheadh, díscreamhú agus líonadh fiacla agus fiacla bréige nó déadchíora bréige a sholáthar agus a dheisiú'.
- Gnáthamh cosmaideach, ach amháin má tá an gnáthamh máinliachta nó an gnáthamh riachtanach chun míchuma choirp mar gheall ar éalang ó bhroinn, ar dhíobháil phearsanta nó ar ghalar máchaileach, nó a bhaineann go díreach leis an gcéanna, a mhaolú.

### Admhálacha i leith costais a éilíodh

Níor chóir éileamh a dhéanamh ach i leith méideanna a bhfuil admhálacha agat ina leith. Ní mór duit na hadmhálacha a choinneáil ar feadh sé bliana toisc go bhféadfaidh sé go n-iarrfaí ort iad a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim má roghnaítear d'éileamh le haghaidh mionscrúdú.

### Asbhaintí i leith méideanna a fuarthas nó atá infhaighte i dtaca le Costais Sláinte

Ní fhéadtar faoiseamh a éileamh i leith aisíocaíochtaí atá faighte nó atá dlite le bheith faighte uathu seo a leanas

- Aon údarás poiblí nó áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar shampla
- Aon pholasaí árachais
- Aon fhoinse eile, éileamh cúitimh, mar shampla.

Ní mór duit sonraí i leith méideanna den chineál seo a thabhairt agus iad a asbhaint ón méid a éilíodh ar an bhfoirm éilimh.

### Cáin Gnóthachan Caipitiúil

Má tá aon sócmhainní inmhuirir diúscartha agatsa nó ag do chéile nó páirtnéir sibhialta, mar shampla talamh, scaireanna, pictiúir, seandachtaí agus araile sa bhliain 2022, ní mór duit an Fhoirm CG1 a chomhlánú. Déan teagmháil le d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim má theastaíonn Foirm CG1 uait.

## Pionóis / Pionóis Shibhialta / Ionchúiseamh Coiriúil

Faoin dlí cánach, foráiltear go ngearrtar pionóis shibhialta agus pionóis choiriúla araon as ucht loiceadh tuairisceán a dhéanamh, as ucht tuairisceán bréagach a thabhairt, as ucht éascú a dhéanamh ar thuairisceán bréagach a thabhairt, nó as ucht creidmheasanna, liúntais nó faoisimh chánach a éileamh nach bhfuil dlite. I gcás ionchúiseamh coiriúil, féadfaidh sé, i gcás duine a chiontaítear ar dhíotáil i gcion, go mbeidh an duine faoi réir aon cheann den méid seo a leanas, nó faoi réir gach ceann díobh: pionós nach mó ná €126,970; fíneáil eile suas le dhá oiread na difríochta idir an cháin dhearbhaithe dhlite agus an cháin a fhaightear ar deireadh a bheith dlite, agus / nó príosúnacht.

## Teorainn Ama ar Éilimh Aisíocaíochta

Ní mór duit éileamh a dhéanamh ar aisíocaíocht chánach taobh istigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh. Mar shampla, ní mór éilimh do 2019 a bheith déanta faoi 31 Nollaig 2023. Ní mór cáin ioncaim a bheith íoctha agat le linn bhliain d'éilimh ionas go bhfaighidh tú aisíocaíocht. Má tá cáin ioncaim dlite agat do na Coimisinéirí Ioncaim as ucht bliain roimhe sin, féadfaidh sé go laghdófar d'aisíocaíocht faoin méid seo.

## Tuilleadh eolais

Féadtar tuilleadh eolais a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hoifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar 01 738 3636.
Má tá tú ag glaoch ó áit taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 1 738 3636.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sna nótaí seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Deartha ag Lárionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs